Ráiteas um Chumhdach Leanaí

(Ainm na Seirbhíse)

Cuireann Feidmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS) réimse seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta ar fáil do pháistí agus do dhaoine fásta in ospidéil, ionaid sláinte agus i bpobail ar fud an stáit. Fostaíonn FnaSS timpeall 77,000 duine go díreach agus tá beagnach 42,000 eile fostaithe ag na hOspidéil Dheonacha agus ag Eagraíochtaí atá á maoiniú ag FnaSS. Tá sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí agus daoine óga mar bhun-aidhm agus mar phríomhsprioc ag FnaSS. Tá sé de fhreagracht agus de dhualgas ar gach ball foirne a chinntiú go mbeadh gach leanbh agus duine óg a bhaineann úsáid astu nó a fhreastalaíonn ar ár seirbhísí, sábháilte agus cosaint acu ó dhíobháil. Ullmhaíodh polasaithe agus nósanna imeachta FnaSS chun timpeallacht shábháilte a chruthú do leanaí agus daoine óga, chun aon bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú agus aon bhaol a aithnítear a láimhseáil go sábháilte. Baineann na polasaithe agus na nósanna imeachta sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo le gach ball foirne (fostaithe, micléinn, oibrithe deonacha, conraitheoirí,daoine faoi oiliúint agus le haon duine a dhéanann aon ról nó feidhm, sa, nó thar ceann na seirbhíse seo.

Tuairisc ar an seirbhís agus ar na gníomhaíochtaí curtha ar fáil*:*

Measúnú Riosca
Ullmhaíodh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo faoi scáth an mheasúnaithe riosca chuimsitheach um Chumhdach Leanaí. D'aithin FnaSS cúig chatagóir riosca uileghabhálach (agus is féidir rioscaí eile a chur leis, más gá) a mbaineann seirbhísí úsáid astu chun aon riosca díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann do leanaí agus do dhaoine óga a mheas. Is iad na rioscaí atá bainteach leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ná:

1.	An riosca díobhála do leanbh ó bhall foirne
2.	An riosca díobhála do leanbh ó úsáideoir seirbhíse (duine fásta nó páiste) cuairteoir nó ball den phobal (riosca ar líne san áireamh).
3.	An riosca díobhála do leanbh de bharr údar imní faoi chosaint nó leas leanaí de bharr nár aithin nó nár thuairisc ball foirne é.
4.	An riosca díobhála do leanbh de bharr údar imní faoi chosaint nó leas leanaí de bharr nár aithin nó nár thuairisc leanbh é.
5.	An riosca díobhála do leanbh de bhrí nach bhfuil an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus/ nó treoir ghaolmhar leis á fheidhmiú i seirbhísí FnaSS
6.	Eile (Rioscaí eile a aithníodh*)*

Caitear le measúnuithe riosca mar cháipéisí beo atá le coinneáil agus a ndéantar monatóireacht orthu de réir mar is gá agus is cuí. Luaitear na nósmhaireachtaí agus na beartais rialaithe (náisiúnta agus áitiúila) atá ag teastáil agus / nó á bhfeidhmiú chun aon riosca a aithnítear a laghdú i ngach Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí. Déantar rioscaí a bhainistiú de réir Pholasaí Comhtháite um Bhainistiú Riosca FnaSS, mar is gá. Ba chóir aon cheist maidir leis na Measúnuithe Riosca um Chumhdach Leanaí a dhéanann an tseirbhís seo ar mhaithe le hullmhú an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo a chur ar an duine ainmnithe cuí .

Nósanna Imeachta - (Tá gach Nós Imeachta Náisiúnta FnaSS ar fáil ar www.hse.ie).
Ullmhaíodh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017), Treoir FnaSS maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a Fhorbairt arna eisiúint ag Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tacaíonn na beartais agus na nósanna imeachta seo a leanas leis an aidhm atá againn leanaí a bhaineann leas as an tseirbhís FSS seo a chosaint:

- Polasaí Comhtháite Bainistíochta Riosca chun aon riosca díobhála a mheas agus a bhainistiú;
- Creat um Bhainistíocht Teagmhais FnaSS 2018 chun bainistíocht FSS a chur ar an eolas maidir le haon eachtra ina ndearnadh díobháil do leanbh agus leas á bhaint aige/aici as an tseirbhís;
- Polasaí Iontaobhais i gCúram agus nósanna imeachta gaolmhara chun líomhain i gcoinne ball foirne a imscrúdú ;
- Polasaithe earcaíochta chun a chinntiú go roghnófar agus go n-earcófar baill foirne atá oiriúnach le hoibriú le leanaí (lena n-áirítear Beartas Imréitigh an Gharda maidir le Fostaithe nua 2007)
- Oiliúint ríomhfhoghlama éigeantach "Tús Áite do Leanaí" do gach ball foirne de chuid FnaSS;
- Nós Imeachta Tuairiscithe um Chosaint agus Leas Leanaí FSS (Beartas um Chosaint agus Leas Leanaí FnaSS 2019);
- Polasaithe agus Caighdeáin Náisiúnta TE FnaSS. chun sábháilteacht ar líne a chinntiú (lena n-áirítear Beartas Cumarsáide Leictreonaí 2019 agus Caighdeán um Scagaire Ábhar Idirlín 2011);
- Cód Caighdeán agus Iompair FSS 2009;
- Nós imeachta chun liosta de Dhaoine Ainmnithe a choinneáil
- An nós imeachta chun Duine Ainmnithe a cheapadh (Féach an duine ainmnithe thíos)

Nósanna imeachta eile chun rioscaí a bhainistiú faoi mar a aithníodh thuas - (Tá na nósanna imeachta áitiúla ar fáil ón Duine Ainmnithe Cuí)

Rialachas
Tá freagracht oibríochtúil ar na Príomh-Oifgigh sna hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (ESP), Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na nGrúpaí Ospidéil (GO), agus ar Bhainisteoirí Náisiúnta FnaSS a chinntiú go gcuirfear i gcrích Measúnuithe Riosca um Chumhdach Leanaí agus Ráitis um Chumhdach Leanaí sna seirbhísí cuí FnaSS atá ina réimse freagrachta ainmnithe. Tacaíonn na struchtúir Rialachais um Thús Áite do Leanaí, FnaSS leis an Rialachas .

Feidhmiú
Tá gach Bainisteoir seirbhíse freagrach as a chinntiú gur ann do na polasaithe agus na nósanna imeachta atá coimrithe sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go héifeachtach.

An duine cuí
Ainm agus sonraí teagmhála.

Síniú: (P0/PF/Bainisteoir Seirbhíse/Ionadaí) (Teideal -) Dáta:

(PRIONTÁIL AINM)